2023/2809

22.12.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2809 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Nollaig 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagail 230(1) agus 232(1) agus (3) de

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi 12 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí Alberta (4), British Columbia (3), Manitoba (1), Quebec (2), agus Saskatchewan (2), ráigeanna a deimhníodh idir an 9 Samhain 2023 agus an 5 Nollaig 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(6) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis in Albain, ar Oileáin Orkney, ráig a deimhníodh an 22 Samhain 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi sé ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Arkansas (1), California (3), Nua-Eabhrac (1) agus South Dakota (1) , ráigeanna a deimhníodh idir 7 Nollaig 2023 agus an 13 Nollaig 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(8) Tar éis na ráigeanna sin le déanaí den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir Ceanada faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i gcúigí Alberta (1), Quebec (1), agus Saskatchewan (2), ráigeanna a deimhníodh idir an 25 Deireadh Fómhair 2023 agus an 31 Deireadh Fómhair 2023 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(13) Chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i dturcaithe in Lincolnshire, Sasana, ráig a deimhníodh an 9 Samhain 2023.

(14) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i stáit Minnesota agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh an 3 Samhain 2023 agus an 25 Deireadh Fómhair 2023.

(15) Chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme acu chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríocha.

(16) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le fionraí teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna tríú tíortha sin mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

(18) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis na tríú tír sin a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró seo a leanas le haghaidh chrios CA-2.198:

'**CA** Ceanada	CA-2.198	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.10.2023	18.12.2023'

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.201, CA-2.202 agus CA-2.203:

'**CA** Ceanada	CA-2.201	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.10.2023	18.12.2023
	CA-2.202		N, P1		30.10.2023	18.12.2023
	CA-2.203		N, P1		31.10.2023	18.12.2023';

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.215 go CA-2.226 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.214:

'**CA** Ceanada	CA-2.215	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.11.2023	
	CA-2.216		N, P1		15.11.2023	
	CA-2.217		N, P1		10.11.2023	
	CA-2.218		N, P1		17.11.2023	
	CA-2.219		N, P1		15.11.2023	
	CA-2.220		N, P1		23.11.2023	
	CA-2.221		N, P1		25.11.2023	
	CA-2.222		N, P1		24.11.2023	
	CA-2.223		N, P1		27.11.2023	
	CA-2.224		N, P1		27.11.2023	
	CA-2.225		N, P1		4.12.2023	
	CA-2.226		N, P1		5.12.2023';	

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios GB-2.324:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.324	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		9.11.2023	14.12.2023'

(v) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.327 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.326:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.327	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.11.2023'	

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.478:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.478	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.10.2023	13.12.2023'

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.491:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.491	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.11.2023	17.12.2023'

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.578 go US-2.583 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.577:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.578	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.12.2023	
	US-2.579		N, P1		12.12.2023	
	US-2.580		N, P1		12.12.2023	
	US-2.581		N, P1		13.12.2023	
	US-2.582		N, P1		13.12.2023	
	US-2.583		N, P1		7.12.2023'	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.215 go CA-2.226 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.214:

‘Ceanada	CA-2.215	Manitoba Latitude 49.23, Longitude -97.72 The municipalities involved are: 3 km PZ: Blumengart, Friedensruh, Gnadenthal, Plum Coulee, and Reinfeld 10 km SZ: Hamburg, Neuenberg, Reinland, Rosetown, Schanzenfeld, and Winkler
	CA-2.216	Quebec Latitude 45.46, Longitude -72.86 The municipalities involved are: 3 km PZ: Saint-Césaire and Saint Paul-D’Abbotsford 10 km SZ: Ange-Gardien, Granby, Rougement, Saint-Alphonse-de-Granby, Saint Damase, Sainte-Brigide-d’Iberville, Sainte-Cécile-de-Milton and Sainte-Pie
	CA-2.217	Saskatchewan Latitude 52.27, Longitude -105.52 The municipalities involved are: 3 km PZ: Bruno 10 km SZ: Dana, Muskiki Springs, and Peterson
	CA-2.218	British Columbia Latitude 49.13, Longitude -122.77 The municipalities involved are: 3 km PZ: Surrey 10 km SZ: Delta, Langley, Langley Township, and Surrey
	CA-2.219	Saskatchewan Latitude 54.16, Longitude -108.69 The municipalities involved are: 3 km PZ: Rapid View 10 km SZ: Blue Bell, Four Corners and Loon River
	CA-2.220	British Columbia-Latitude 49.08, Longitude -122.5 The municipalities involved are: 3 km PZ: Aldergrove 10 km SZ: Abbotsford, Fort Langley, Langley, Langley Township, and Maple Ridge
	CA-2.221	British Columbia Latitude 49.14, Longitude -121.86 The municipalities involved are: 3 km PZ: Chilliwack 10 km SZ: Agassiz and Harrison Mills
	CA-2.222	Alberta Latitude 49.74, Longitude -112.1 The municipalities involved are: 3 km PZ: Taber 10 km SZ: Cranford and Fincastle
	CA-2.223	Alberta Latitude 53.76, Longitude -114.65 The municipalities involved are: 3 km PZ: Darwell 10 km SZ: Cherhill, Glenevis, Alexis, West Cove Lake Isle
	CA-2.224	Alberta Latitude 49.69, Longitude -112.8 The municipalities involved are: 3 km PZ: Wilson 10 km SZ: Stewart

	CA-2.225	Quebec Latitude 45.5, Longitude -72.89 The municipalities involved are: 3 km PZ: Saint-Dominique 10 km SZ: Saint-Hyacinthe, La Providence, Douville, Saint-Damase, La Presqu'île, Saint-Pie, Émileville, Jogues and La Carrière
	CA-2.226	Alberta- Latitude 49.79, Longitude -112.11 The municipalities involved are: 3 km PZ: Taber 10 km SZ: Taber';

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios GB-2.327 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.326:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.327	near Finstown, Orkney Islands, Scotland, GB The area contained within a circle of a radius of 10km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N59.02 and Long: W3.08';

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.578 go US-2.583 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.577:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.578	State of South Dakota Lake 03 Lake County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.0904603°W 43.9606440°N)
	US-2.579	State of New York Dutchess 02 Dutchess County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 73.6502185°W 41.7533890°N)
	US-2.580	State of California San Joaquin 04 San Joaquin County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.1146566°W 38.1722612°N)
	US-2.581	State of California Merced 03 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8530684°W 37.5109607°N)
	US-2.582	State of California Merced 04 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.9945284°W 37.2756465°N)
	US-2.583	State of Arkansas Carroll 02 Carroll County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.3228772°W 36.4217989°N)'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.198:

'**CA** Ceanada	CA-2.198	POU, RAT	N, P1		25.10.2023	18.12.2023
		GBM	P1		25.10.2023	18.12.2023';

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.201, CA-2.202 agus CA-2.203:

'**CA** Ceanada	CA-2.201	POU, RAT	N, P1		25.10.2023	18.12.2023
		GBM	P1		25.10.2023	18.12.2023
	CA-2.202	POU, RAT	N, P1		30.10.2023	18.12.2023
		GBM	P1		30.10.2023	18.12.2023
	CA-2.203	POU, RAT	N, P1		31.10.2023	18.12.2023
		GBM	P1		31.10.2023	18.12.2023'

(c) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.215 go CA-2.226 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.214:

'**CA** Ceanada	CA-2.215	POU, RAT	N, P1		9.11.2023	
		GBM	P1		9.11.2023	
	CA-2.216	POU, RAT	N, P1		15.11.2023	
		GBM	P1		15.11.2023	
	CA-2.217	POU, RAT	N, P1		10.11.2023	
		GBM	P1		10.11.2023	
	CA-2.218	POU, RAT	N, P1		17.11.2023	
		GBM	P1		17.11.2023	
	CA-2.219	POU, RAT	N, P1		15.11.2023	
		GBM	P1		15.11.2023	
	CA-2.220	POU, RAT	N, P1		23.11.2023	
		GBM	P1		23.11.2023	
	CA-2.221	POU, RAT	N, P1		25.11.2023	
		GBM	P1		25.11.2023	
	CA-2.222	POU, RAT	N, P1		24.11.2023	
		GBM	P1		24.11.2023	
	CA-2.223	POU, RAT	N, P1		27.11.2023	
		GBM	P1		27.11.2023	
	CA-2.224	POU, RAT	N, P1		27.11.2023	
		GBM	P1		27.11.2023	

	CA-2.225	POU, RAT	N, P1		4.12.2023	
		GBM	P1		4.12.2023	
	CA-2.226	POU, RAT	N, P1		5.12.2023	
		GBM	P1		5.12.2023’	

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios GB-2.324:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.324	POU, RAT	N, P1		9.11.2023	14.12.2023
		GBM	P1		9.11.2023	14.12.2023’

(e) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna le haghaidh chrios GB-2.327 tar éis na rónna seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.326:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.327	POU, RAT	N, P1		22.11.2023	
		GBM	P1		22.11.2023’;	

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.478:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.478	POU, RAT	N, P1		25.10.2023	13.12.2023
		GBM	P1		25.10.2023	13.12.2023’

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.491:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.491	POU, RAT	N, P1		3.11.2023	17.12.2023
		GBM	P1		3.11.2023	17.12.2023’

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.578 go US-2.583 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.577:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.578	POU, RAT	N, P1		12.12.2023	
		GBM	P1		12.12.2023	
	US-2.579	POU, RAT	N, P1		12.12.2023	
		GBM	P1		12.12.2023	
	US-2.580	POU, RAT	N, P1		12.12.2023	
		GBM	P1		12.12.2023	
	US-2.581	POU, RAT	N, P1		13.12.2023	
		GBM	P1		13.12.2023	
	US-2.582	POU, RAT	N, P1		13.12.2023	
		GBM	P1		13.12.2023	
	US-2.583	POU, RAT	N, P1		7.12.2023	
		GBM	P1		7.12.2023’	